Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13490/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0307(NLE)**

ACP 113
FIN 1062
PTOM 20

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Meitheal ACC |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13244/22 + ADD 1 - COM(2022) 502 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, a mhéid a bhaineann leis an tríú tráthchuid le haghaidh 2022<br>- Glacadh |

1. An 5 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta, lena n-áirítear an tríú tráthchuid le haghaidh 2022[1].

2. Scrúdaigh Meitheal ACC an togra ón gCoimisiún agus tháinig sí ar chomhaontú ar leibhéal na Meithle maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle an 11 Deireadh Fómhair 2022.

[1] 13244/22 + ADD 1.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, mar mhír ‘A’ ar an gclár oibre:

– an Cinneadh a ghlacadh, mar a leagtar amach in 13274/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Chomhaontú Inmheánach is infheidhme maidir leis an 11ú CEF[2];

– a iarraidh go bhfoilseofar an Cinneadh san *Iris Oifigiúil*.

---

[2] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.